Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Aibreán 2026
(OR. en)

8473/26

LIMITE

INST 192
POLGEN 98
AG 65
MI 382
COMPET 472

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Treochlár le haghaidh Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach |

# Treochlár le haghaidh Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach

Éilíonn rathúnas, slándáil, tionchar domhanda agus neamhspleáchas na hEorpa geilleagar atá láidir iomaíoch.

I ndomhan atá múnlaithe ag iomaíocht gheopholaitiúil, suaitheadh teicneolaíoch agus éiginnteacht eacnamaíoch, ní mór trí cholún a threisíonn a chéile a bheith i straitéis eacnamaíoch na hEorpa: Margadh Aonair níos láidre, níos cothroime agus níos comhtháite, beartas trádála lena ndéantar comhpháirtíochtaí a éagsúlú agus spleáchais straitéiseacha a laghdú, agus beartas tionsclaíoch lena gcosnaítear agus lena neartaítear acmhainneacht na hEorpa dul i mbun táirgthe agus nuála agus dul san iomaíocht ar bhealach ina n-urramaítear Colún Eorpach na gceart sóisialta agus ina gcruthaítear aistriú cóir a chinnteoidh go mbeidh poist ardcháilíochta ann agus nach bhfágfar aon duine ar lár.

Chun an cuspóir uaillmhianach sin a bhaint amach, beidh gá le hiarracht pholaitiúil, rannpháirtíocht agus uaillmhian ó na gníomhaithe institiúideacha uile, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

PUBLIC

Leis an Treochlár Comhpháirteach seo, geallann Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh, agus an Coimisiún Eorpach go mbainfear Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin amach, i gcomhréir leis na cuspóirí a leag an Chomhairle Eorpach amach i mí an Mhárta 2026, trí dhul chun cinn cinntitheach a dhéanamh, in 2026 agus faoi dheireadh 2027 ar a dhéanaí, sna cúig bhloc tógála straitéiseacha seo a leanas: (1) rialacha a shimpliú; (2) Margadh Aonair níos comhtháite a bhaint amach, lena n-áirítear trí dheireadh a chur leis na deich mbacainn is díobhálaí; (3) tacú le trádáil láidir; (4) praghsanna fuinnimh a laghdú agus dícharbónú a dhéanamh; agus (5) an claochlú digiteach agus IS a chur chun cinn.

Is gealltanas polaitiúil agus oibríochtúil é an Treochlár: leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis príomhthionscnaimh reachtacha agus bheartais ar fud na gcúig bhloc tógála straitéiseacha agus na hamlínte comhfhreagracha le haghaidh comhaontaithe. Geallann na trí institiúid go n-urramóidh siad na hamlínte sin agus go dtabharfaidh siad an tosaíocht pholaitiúil is airde do na tionscnaimh sin ar bhealach lena n-urramófar próiseas reachtach agus sainchumais reachtacha gach institiúide.

Chun beart a chur le briathar, beidh tuiscint ar phráinn, úinéireacht pholaitiúl agus torthaí intomhaiste ag teastáil.

- Geallann an gCoimisiún na tionscnaimh reachtacha agus bheartais a leagtar amach san iarscríbhinn a mholadh.

- Geallann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go n-oibreoidh siad chun teacht ar chomhaontú go pras maidir leis na tograí reachtacha uile a leagtar amach san iarscríbhinn; caithfear leis na tograí sin mar thosaíochtaí polaitiúla atá leabaithe sa timthriall bliantúil clársceidealaithe reachtach idirinstitiúideach.

- Geallann an Coimisiún agus na Ballstáit go gcuirfidh siad dlús leis an gcur chun feidhme agus leis an bhforfheidhmiú chun a áirithiú go gcomhlíonfar na gealltanais ina n-iomláine agus go mbeidh tionchar intomhaiste acu.

Beidh cur chun feidhme an Treochláir infheicthe agus intomhaiste. Ag tógáil ar an bpróiseas faireacháin atá ann cheana, áiritheoidh na hinstitiúidí go ndéanfar athbhreithniú rialta chun maoirseacht a dhéanamh agus chun treoir a thabhairt maidir le cur chun feidhme an Treochláir seo.

Tiocfaidh na hinstitiúidí le chéile gach ráithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn, chun constaicí a shainaithint, chun gníomhaíochtaí a chomhordú, chun an iarscríbhinn a thabhairt cothrom le dáta agus a chomhlánú de réir mar is gá, agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar na bloic thógála chun gné shóisialta an Mhargaidh Aonair a chuimsiú.

PUBLIC

# SPRIOCANNA INSOLÁTHARTHA TOSAÍOCHTA

| Tograí | Sprioc le haghaidh comhaontú |
|---|---|
| 1. Na rialacha a shimpliú | |
| ▪ Pacáistí omnibus<br>*(Tograí: I rith 2025)* | Deireadh 2026 |
| ▪ Omnibus VII – Digiteach (IS)<br>*(Togra: R4 2025)* | Meitheamh 2026 |
| ▪ Omnibus i réimse an chánachais<br>*(Togra: R2 2026)* | R4 2027 |
| ▪ Omnibus i réimse na dtáirgí fuinnimh<br>*(Togra: R3 2026)* | R4 2027 |
| 2. Margadh Aonair níos comhtháite | |
| ▪ EU Inc.<br>*(Togra: R1 2026)* | Deireadh 2026 |
| ▪ Ríomhdhearbhú maidir le hoibrithe a phostú<br>*(Togra: R4 2024)* | Meitheamh 2026 |
| ▪ Creat urrúsaithe an Aontais<br>*(Togra: R2 2025)* | Deireadh 2026 |
| ▪ Pacáiste na bpinsean forlíontach<br>*(Togra: R4 2025)* | Deireadh 2026 |
| ▪ Pacáiste um an gcomhtháthú margaidh agus maoirseacht<br>*(Togra: R4 2025)* | Deireadh 2026 |
| ▪ Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht<br>*(Togra: R1 2026)* | Deireadh 2026 |
| ▪ Athbhreithniú ar na treoirlínte um rialú cumasc | Deireadh 2026 |
| ▪ An Gníomh um Sholáthar Poiblí<br>*(Togra: R2 2026)* | R4 2027 |
| ▪ Lárionad um Amhábhair Chriticiúla<br>*(Togra: R2 2026)* | Deireadh 2026 |
| ▪ An Gníomh um Táirgí Eorpacha<br>*(Togra: R3 2026)* | R4 2027 |
| ▪ Gníomh um an Limistéar Eorpach Taighde<br>*(Togra: R3 2026)* | R4 2027 |
| ▪ An Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach<br>*(Togra: R3 2026)* | R3 2027 |
| ▪ Pacáiste um Shoghluaisteacht Chothrom an Lucht Saothair<br>*(Togra: R3 2026)* | R3 2027 |
| ▪ Tionscnamh um Inaistritheacht Scileanna<br>*(Togra: R3 2026)* | R3 2027 |
| ▪ Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Comhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí<br>*(Togra: faoi R4 2026)* | R4 2027 |
| ▪ Tuarascáil maidir le hiomaíochas na hearnála baincéireachta | Iúil 2026 |
| ▪ Leasuithe ar an gcreat baincéireachta<br>*(Togra: faoi R1 2027)* | R4 2027 |

PUBLIC

| | |
|---|---|
| 3. Ag tacú le trádáil láidir | |
| ▪ Comhaontuithe trádála le Meicsiceo, Mercosur, an Eilvéis, an Indinéis, an India agus an Astráil | Ar bhonn atrátha |
| ▪ Comhaontuithe trádála leis an Téalainn, leis an Malaeisia, leis na hOileáin Fhilipíneacha agus le hAontas na nÉimíríochtaí Arabacha | I rith 2026-27 |
| ▪ Togra maidir le haghaidh a thabhairt ar spleáchais ar an slabhra soláthair *(Togra: R2 2026)* | R4 2026 |
| ▪ Togra le haghaidh rialachán athbhreithnithe maidir le scagadh FDI *(Togra: R1 2024)* | R2 2026 |
| 4. Praghsanna fuinnimh a laghdú agus dícharbónú | |
| ▪ Pacáiste um na hEangacha Eorpacha *(Togra: R4 2025)* | R3 2026 |
| ▪ Mórbhealaí Fuinnimh *(Togra le haghaidh tionscadail infheistíochta: R4 2025)* | Aibreán 2026 ar aghaidh (Tionscadail a sheoladh) |
| ▪ Leasú ar Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh *(Togra: R2 2026)* | Deireadh 2026 |
| ▪ Muirir ghréasáin agus cánachas *(Togra: R2 2026)* | R2 2027 |
| ▪ Pacáiste maidir le slándáil fuinnimh *(Togra: R2 2026)* | R2 2027 |
| ▪ Athbhreithniú ar an gCóras Trádála Astaíochtaí (CTA) *(Togra: R3 2026)* | R1 2027 |
| ▪ Nuashonrú ar rialachas an Aontais Fuinnimh *(Togra: R4 2026)* | R4 2027 |
| ▪ An creat éifeachtúlachta fuinnimh a chur ar bun *(Togra: R3 2026)* | R4 2027 |
| ▪ An creat fuinnimh in-athnuaite a chur ar bun *(Togra: R3 2026)* | R4 2027 |
| 5. An claochlú digiteach agus IS a spreagadh | |
| ▪ An euro digiteach *(Togra: R2 2023)* | Deireadh 2026 |
| ▪ Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa *(Togra: R4 2025)* | Deireadh 2026 |
| ▪ An Gníomh um Líonraí Digiteacha *(Togra: R1 2026)* | R4 2027 |
| ▪ Gníomh an Aontais um Chibearshlándáil *(Togra: R1 2026)* | Deireadh 2026 |
| ▪ An Gníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga *(Togra: R2 2026)* | R4 2027 |
| ▪ An Gníomh um Shliseanna 2 *(Togra: R2 2026)* | R2 2027 |
| ▪ An Gníomh Candamach *(Togra: R2 2026)* | R3 2027 |
| ▪ Gigeamhonarchana IS *(Togra le haghaidh tionscadail infheistíochta: R2 2026)* | R4 2026 ar aghaidh (Tionscadail a sheoladh) |

PUBLIC